Cuntas Leithreasa 2020

# Vóta 22

# An tSeirbhís Chúirteanna

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 22, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus costais na Seirbhíse Chúirteanna agus na Cúirte Uachtaraí, na Cúirte Achomhairc, na hArd-Chúirte, na Cúirte Coiriúla Speisialta, na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche agus ar roinnt mionseirbhísí áirithe eile nach ngearrtar ar an bPríomh-Chiste.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €2.356 milliún le géilleadh don Státchiste.

Tá an tSeirbhís á rialú ag Bord ina bhfuil cathaoirleach agus 17 gcomhalta eile. I gcomhréir leis an Acht um Sheirbhís Chúirteanna, 1998, tá téarma oifige trí bliana ag an mBord. Bunaíodh an Bord reatha ar 9 Samhain 2020. Tá an Bord freagrach as beartais a chinneadh don tSeirbhís agus maoirseacht a dhéanamh ar a gcur chun feidhme. Comhlíonann sé na freagrachtaí sin go díreach agus trí choistí an Bhoird.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas seo á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Tairseach caipitlithe***

Tá leas á bhaint ag an tSeirbhís Chúirteanna as an gceadú ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tuairisc a thabhairt ar shócmhainní ar mó a luach ná €1,000 do chuntas leithreasa na bliana 2020, toisc nach bhfuilimid in ann an tairseach nua €10,000 a chur i bhfeidhm.

***Talamh agus foirgnimh a luacháil***

In 2016, glacadh leis an mbeartas luacháil a dhéanamh ar fhoirgnimh gach cúig bliana ar bhonn costas athsholáthair dímheasa agus cuireadh tús le clár chun foirgnimh a luacháil ar an mbonn seo.Is é an costas dímheasta athsholáthair an costas reatha ar an tsócmhainn a athsholáthar lena coibhéis nua-aimseartha lúide asbhaint i dtaobh meath fisiciúil agus gach cineál ábhartha de dhífheidhmeacht agus barrfheabhsú. Luaitear foirgnimh atá in úsáid ach nach ndearnadh a athluacháil go fóill ar a gcostas stairiúil. Déantar talamh agus foirgnimh nach bhfuil in úsáid ach a theastaíonn le haghaidh forbairt amach anseo a luacháil ar luach an mhargaidh.

***Dímheas***

- Ní dhéantar talamh a dhímheas
- Dímheastar foirgnimh ar ráta 2% sa bhliain de réir méid cothrom.
- Dímheastar gach sócmhainn eile a de réir méid cothrom thar a saolré úsáideach mheasta, ag tosú sa mhí ina gcuirtear i seirbhís iad.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an tSeirbhís Chúirteanna córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhísí idir an tSeirbhís Chúirteanna agus an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais, Cill Airne, le haghaidh seirbhísí comhroinnte airgeadais a sholáthar agus idir an tSeirbhís Chúirteanna agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí acmhainní daonna agus seirbhísí párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó na hOifigigh Chuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus ón Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais, Cill Airne, á rá go gcuirtear na rialuithe cuí i bhfeidhm maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don tSeirbhís Chúirteanna.

Is é seo a leanas an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais agus freagracht chomhfhreagrach ar leibhéal bainistíochta.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ina sanntar freagracht maidir le bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.
- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe

- go bhfuil córas cuí buiséadta i bhfeidhm lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú.
- go ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht thuartha
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den tSeirbhís Chúirteanna
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus na disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

### *An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca*

Deimhním go bhfuil Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an tSeirbhís Chúirteanna. Tá an Coiste ina fhochoiste de chuid Bhord na Seirbhíse Cúirteanna. Is é ról an Choiste maoirseacht a dhéanamh ar an mBord agus ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin/Oifigeach Cuntasaíochta, agus comhairle agus tacaíocht a thabhairt dóibh, trí na dearbhuithe a athbhreithniú maidir le raon ábhar, lena n-áirítear ionracas na rialuithe inmheánacha, na bainistíochta riosca agus na ráiteas airgeadais. Feidhmíonn an Coiste faoi chairt scríofa agus tuairiscíonn sé gach bliain do Bhord na Seirbhíse Cúirteanna. Déanann sé an clár oibre bliantúil iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú agus a fhaomhadh freisin.

### *Iniúchóireacht inmheánach*

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an tSeirbhís Chúirteanna, rud ag a bhfuil pearsanra a bhfuil an oiliúint chuí orthu agus a oibrítear i gcomhréir le cairt scríofa a d'fhaomh Bord na Seirbhíse Cúirteanna. Bíonn a cuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais agus oibríochtúla a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

### *Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Cinntíonn an tSeirbhís Chúirteanna go bhfuil díriú cuí ann ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Chomhlíon Seirbhís na gCúirteanna na treoirlínte cé is moite de 14 conradh (níos mó ná € 25,000), arbh fhiú € 3,820,050 iad (sean-CBL) mar atá leagtha amach thíos:

- Dhá chonradh dar luach €2,523,531 maidir le seirbhísí bainistithe TFC agus córais naisc físe nuair a rinneadh seirbhísí a shíneadh i ndiaidh dháta éaga an chonartha d'fhonn leanúnachas seirbhíse a chinntiú mar gheall ar mhoill sa phróiseas soláthair. Sa dá chás, tá conarthaí nua i bhfeidhm anois.
- Conradh amháin dar luach €251,360 mar gheall ar thacaíocht i gconradh TFC a fhostú a síneadh i ndiaidh dháta éaga an chonartha. Déanfar an soláthar i leith na seirbhísí sin a chur i bhfeidhm in 2021.
- Cás amháin dar luach €227,921 maidir le táillí bainc mar gheall ar mhoill ar an aistriú go Danske Bank tar éis cinneadh rialtais agus ar phróiseas soláthair iomaíoch le haghaidh seirbhísí baincéireachta, a bhfuil an t-aistriú ina leith á chur i gcrích ar bhonn céimnithe.
- Conradh amháin dar luach €193,367 maidir le seirbhísí fóin mhóibíligh mar gheall ar mhoill ar chonradh rialtais láir a chur i bhfeidhm maidir le seirbhísí gutha mhóibíligh agus sonraí móibíleacha. Táthar ag súil go ndéanfar an t-ábhar sin a réiteach in 2021.
- Dhá chonradh dar luach €143,053 maidir le seirbhísí a bhaineann leis an Acht Fíneálacha (Íoc agus Gnóthú), 2014, i ndiaidh dháta éaga an chonartha bhunaidh. Tá an tSeirbhís Chúirteanna ag feitheamh ar mholtaí ó ghrúpa oibre i dtaca leis an Acht maidir le cé acu a bheidh nó nach mbeidh a leithéid de sheirbhísí de dhíth agus cé acu dhéanfar nó nach ndéanfar tairiscint ina leith arís.
- Conradh amháin dar luach €132,943 mar gheall ar sheirbhísí bainistíochta tionscadail a síneadh i ndiaidh dháta éaga an chonartha. Cuirfear é sin ar bhonn foirmiúil agus déanfar tairiscint ina leith in 2021.
- Conradh amháin dar luach €130,943 mar gheall ar thacaíocht i gconradh TFC a fhostú i ndiaidh dháta éaga an chonartha. Déanfar an soláthar i leith na seirbhísí sin a chur i bhfeidhm in 2021.
- Cás amháin dar luach €87,563 maidir le costais seirbhísí teileafónaíochta. Déanfar athbhreithniú ar na seirbhísí sin agus, más riachtanach é, déanfar an soláthar le linn 2021.

- Conradh amháin dar luach €35,980 maidir le seirbhísí ceaintín i dTeach an Fhionnuisce a síneadh i ndiaidh dháta éaga an chonartha. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh in 2020, ní bheidh na seirbhísí sin de dhíth a thuilleadh.
- Conradh amháin dar luach €34,113 maidir le seirbhísí ateangaireachta idirthréimhseacha a bhí de dhíth idir dul in éag an tseanchonartha agus tosú an chonartha nua.
- Conradh nua dar luach €30,172 mar gheall ar sheirbhísí cúiréireachta a bhí criticiúil ó thaobh ama agus nárbh fhéidir iad a chomhlíonadh laistigh den chonradh a bhí ann cheana.
- Cás amháin dar luach €29,104 maidir le seirbhísí ateangaireachta teanga comharthaíochta, a bhfuil an t-éileamh ina leith á mheas chun críocha ár riachtanais agus ár roghanna soláthair a mheasúnú.

Sholáthair an tSeirbhís Chúirteanna sonraí maidir le conarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Rialachas***

Tá an dea-rialachas ina chuid bhunúsach d'fheidhmiú na Seirbhíse. Ar aon dul le *Caighdeán um Rialachas Corparáideach* na Státseirbhíse, nuashonraíodh an Creat reatha um Rialachas Corparáideach. Leagtar amach leis sin an bonn reachtúil ina bhfeidhmímid, lena n-áirítear na socruithe rialachais atá i bhfeidhm, feidhmeanna agus struchtúr eagrúcháin, cuntasacht agus socruithe um dhearbhú iniúchóireachta. Foilsíodh an creat sin in 2016. Tá comhaontú maoirseachta i bhfeidhm ag an tSeirbhís Chúirteanna leis an Roinn Dlí agus Cirt freisin.

Tháinig an *Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016* i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2016. Tá creat rialachais láidir i bhfeidhm ag an tSeirbhís Chúirteanna agus, sa bhreis ar chomhlíonadh Chaighdeán um Rialachas Corparáideach na Státseirbhíse, comhlíonann sí gnéithe príomhúla an chóid sin a choimeádtar faoi athbhreithniú.

***Creat riosca agus rialaithe***

Chuir an tSeirbhís córas bainistíochta i bhfeidhm lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt faoi ar na rioscaí sin agus, a oiread agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí corparáideacha i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an tSeirbhís. Déantar meastóireacht agus grádú orthu sin de réir a dtábhachta. Déanann an Fhoireann Bhainistíochta Sinsearaí (FBS) agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ráithiúil ar an gclár rioscaí corparáideacha. Bíonn bainistíocht riosca ina buanmhír do Bhord na Seirbhíse Cúirteanna agus tuairiscíonn an Príomhoifigeach Riosca don Bhord ar oibríochtaí bainistíochta riosca. Úsáidtear torthaí na n-athbhreithnithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na gníomhartha beartaithe a theastaíonn chun rioscaí a shainaithnítear a mhaolú agus sanntar ann freagracht as oibriú rialuithe do bhaill shonracha na foirne.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht agus do FBS, sa chás gurb iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an tSeirbhís chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Déantar an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais a threorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den tSeirbhís atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Paindéim Covid-19***

Mar thoradh ar thús phaindéim Covid-19 go luath in 2020, rinneadh athruithe ar an timpeallacht oibre agus rialaithe agus d’éirigh obair chianda agus fhíorúil ina ngnáthrudaí sa tSeirbhís Chúirteanna.

Mar sheirbhís líne tosaigh, ba é an príomhchuspóir agus an phaindéim á bainistiú ná a chinntiú go raibh bearta cuí i bhfeidhm chun timpeallacht shábháilte a chinntiú don fhoireann, do na breithiúna agus d’úsáideoirí na gcúirteanna, agus treoirlínte agus treoir ón bhFoireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí agus ó FSS á gcomhlíonadh.

Ba é tionchar is suntasaí na paindéime ná an tionchar ar sholáthar seirbhísí, agus is gné shubstaintiúil de sin, de réir a gcineáil, go gcuirtear iad ar fáil i bpearsa. Dá réir sin, ba iad na rioscaí ainmnithe a bhí os comhair na Seirbhíse:

- an riosca go ndéanfaí Covid-19 a leathadh i measc na foirne, na mbreithiúna agus úsáideoirí na gcúirteanna.
- laghdú san acmhainn um sholáthar seirbhísí, agus tionchar aige sin ar agaí feithimh ar fud na ndlínsí uile agus ar rochtain ar cheartas.

Mar chuid den fhreagairt tosaigh don phaindéim, bunaíodh Foireann Bainistíochta Freagartha Covid-19 d’fhonn plean freagartha gnó a fhorbairt. Bhí clár bainistíochta sábháilteachta Covid-19 ag croílár an phlean. Ina theannta sin, bunaíodh Coiste Téarnaimh Covid-19 de bharr fhoilsiú an doiciméid dar teideal *Teacht Aniar agus Téarnamh 2020-2021* ón Rialtas. Curtha le chéile, áiríodh na nithe seo a leanas leis na bearta a cuireadh i bhfeidhm:

- measúnuithe riosca ar na foirgnimh uile i gcomhréir le prótacail sláinte agus sábháilteachta
- beartas um obair chianda agus prótacal sábháilteachta um fhilleadh ar ais chun na hoibre
- éisteachtaí cúirte cianda agus úsáid mhéadaithe físchomhdhálacha
- cásanna a chur in ord tosaíochta, go háirithe cásanna dlí teaghlaigh, foréigin teaghlaigh agus coimirce leanaí
- nuashonruithe seachtainiúla ón bhFoireann Bainistíochta Freagartha Covid-19
- cruinnithe rialta le baill shinsearacha na mbreithiúna agus le príomhpháirtithe leasmhara
- treochláir i leith téarnaimh maidir leis an dlí coiriúil agus an dlí teaghlaigh.

Bhí clár rioscaí téarnaimh Covid-19 i bhfeidhm le haghaidh 2020. Sa chlár sin, sainaithníodh rioscaí a bhain leis an bpaindéim i ngach mórchatagóir oibríochtúil - lenar áiríodh airgeadas, soláthar seirbhísí, foirgnimh agus daoine - agus cinntíodh leis gur glacadh bearta maolaithe mar fhreagairt do rioscaí arna sainaithint.

Rinneadh príomhrialuithe ar íocaíochtaí a choimeád ar feadh na paindéime, ach bhí sé riachtanach, áfach, próisis áirithe a athbhreithniú chun ligean d’fhaomhadh cianda sonrasc agus foirmeacha íocaíochta le ríomhphost nuair a bhí sé riachtanach. Soláthraíodh rochtain chianda shlán ar chórais a bhí ann cheana chun rochtain a ligean don fhoireann a bhí ag obair go cianda.

Tabhaíodh caiteachas dar luach iomlán €5.4 milliún maidir le Covid-19 in 2020, go príomha maidir le TFC, caipiteal na dtithe cúirte agus cothabháil. Bhí tionchar suntasach ag Covid-19 ar ioncam ó tháillí cúirteanna, arna spreagadh go príomha ag laghdú ar ghnó ceadúnaithe agus sibhialta. Mar thoradh air sin, bhí easnamh dar luach €17.081 milliún ann i dtáillí.

Faoi chreat rialaithe rioscaí na Seirbhíse Cúirteanna, rinneamar measúnú riosca ar thionchar Covid-19. Is féidir liom a dheimhniú go bhfuil rialuithe airgeadais agus riaracháin a bhí ann cheana agus rialuithe nua a tugadh isteach mar thoradh ar Covid-19 fós i bhfeidhm agus déantar athbhreithniú leanúnach ar a n-éifeachtacht.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Le linn 2020 chuir Seirbhís na gCúirteanna, an tAonad Iniúchta Inmheánaigh, tuarascáil i gcrích maidir le ró-íocaíochtaí le soláthróir. Tá an t-ábhar faoi réir díospóireachtaí leanúnacha leis an soláthróir chun méid an ró-íocaíochta a aontú agus é a aisghabháil. D'eascair na ró-íocaíochtaí mar thoradh ar rátaí a íocadh nach raibh ag teacht leis na rátaí ar conradh. Tá bearta déanta ag an tSeirbhís chun a tarlú arís a chosc. Níor sainaithníodh aon laigí eile sa rialú airgeadais inmheánach i ndáil le 2020 a d'fhág go bhféadfadh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh air.

Déanann an tSeirbhís athbhreithniú agus cur i bhfeidhm go leanúnach ar mholtaí a eascraíonn ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Iniúchóireacht agus iniúchadh inmheánach chun an timpeallacht rialaithe a neartú, go háirithe i réimsí an tsoláthair agus na bainistíochta conartha agus na bainistíochta taifead, bonneagair TFC, córais ghnó agus iarratais tacaíochta. Is próiseas leanúnach é seo agus coimeádtar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

**Angela Denning**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís Chúirteanna

28 Meán Fómhair 2021

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

# Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna

## Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam leis An tSeirbhís Chúirteanna agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

## Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

### *Ró-íocaíochtaí le soláthraí*

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais go ndearna an tSeirbhís Chúirteanna ró-íocaíochtaí le soláthraí toisc gur os cionn na rátaí conraithe a bhí na rátaí a íocadh. Shonraigh sí go bhfuil plé ar bun leis an soláthraí maidir le haisghabháil na ró-íocaíochtaí agus go ndearnadh gníomhartha chun a chinntiú nach dtarlódh a leithéid arís sa todhchaí.

### *Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair*

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair náisiúnta maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2020.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meán Fómhair 2021

# Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna

## Cuntas Leithreasa 2020

| | | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | Soláthar meastacháin | | Toradh | | Toradh |
| | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A Na cúirteanna a bhainistiú agus tacú leis na breithiúna | | | | | |
| *Bunaidh* | 156,378 | | | | |
| *Forlíontach* | 4,800 | | | | |
| | | 161,178 | 154,628 | | 139,416 |
| **Ollchaiteachas** | | **161,178** | **154,628** | | **139,416** |
| *Lúide* | | | | | |
| B **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | | |
| *Bunaidh* | 50,133 | | | | |
| *Forlíontach* | (18,200) | | | | |
| | | **31,933** | **32,634** | | **47,084** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| *Bunaidh* | 106,245 | | | | |
| *Forlíontach* | 23,000 | | | | |
| | | **129,245** | **121,994** | | **92,332** |

### Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh le géilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar na leithreasaí neamhchaite go léir nó cuid díobh do sheirbhísí soláthair chaipitiúil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr | 7,251,177 | 792,780 |
| Géilleadh iarchurtha | (4,895,000) | — |
| **Farasbarr le géilleadh** | **2,356,177** | **792,780** |

**Angela Denning**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís Chúirteanna

28 Meán Fómhair 2021

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 50,831 | 42,642 |
| Pá | | 57,556 | 54,543 |
| Neamhphá | | 46,241 | 42,231 |
| **Ollchaiteachas** | | **154,628** | **139,416** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **32,634** | **47,084** |
| **Glanchaiteachas** | | **121,994** | **92,332** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (5,341) | | |
| Dímheas | 8,738 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairt | 4 | 3,401 | 721 |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (1,600) | | |
| Méadú ar stoc | (48) | (1,648) | (789) |
| **Caiteachas díreach** | | **123,747** | **92,264** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 53,608 | 53,106 |
| Measchíosanna [a] | | 3,605 | 3,605 |
| **Glanchostas an chláir** | | **180,960** | **148,975** |

Nóta [a] Measchíosanna d'fhoirgnimh atá faoi úinéireacht Oifig na nOibreacha Poiblí agus atá á n-áitiú ag an tSeirbhís Chúirteanna

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna seo a leanas i dtaca le Vóta 22 a iompraíodh in áit eile.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 198 | 185 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 14,689 | 14,729 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 436 | 1,343 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 116 | 106 |
| Vóta 20 | Garda Síochána | 200 | 200 |
| Vóta 24 | Dlí agus Ceart agus Teaghlach - an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais | 303 | 296 |
| Príomh-Chiste – Tuarastail agus pinsin na mbreithiúna | | 37,666 | 36,247 |
| | | **53,608** | **53,106** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 204,675 | 207,247 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 5,865 | 63 |
| Stoic | 2.3 | 226 | 178 |
| Réamhíocaíochtaí | | 3,860 | 2,375 |
| Ioncam fabhraithe | | 1,999 | 2,200 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 4,012 | 3,429 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **15,962** | **8,245** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 2,889 | 2,132 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.5 | 4,823 | 3,359 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.6 | 5,054 | 133 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **12,766** | **5,624** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 3,196 | 2,621 |
| **Glansócmhainní** | | **207,871** | **209,868** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.7 | **207,871** | **209,868** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh [a, b] | Trealamh TF agus oifige | Troscán agus feistis | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020 | 263,629 [b] | 54,577 | 32,697 | 3,933 | 354,836 |
| Breiseanna | 698 | 3,217 | 99 | 2,400 | 6,414 |
| Tugtha in úsáid | 2,424 | 2,539 | — | (4,963) | — |
| Aistriú sócmhainní chuig gníomhaireachtaí eile [c] | (350) | — | — | — | (350) |
| Diúscairtí | (3) | (1,254) | (1,170) | — | (2,427) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020 | 266,398 | 59,079 | 31,626 | 1,370 | 358,473 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020 | 70,127 | 45,525 | 31,937 | — | 147,589 |
| Dímheas don bhliain | 5,124 | 3,441 | 173 | — | 8,738 |
| Dímheas ar aistrithe go gníomhaireachtaí eile | (106) | — | — | — | (106) |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (1,254) | (1,169) | — | (2,423) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020 | 75,145 | 47,712 | 30,941 | — | 153,798 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020** | **191,253** | **11,367** | **685** | **1,370** | **204,675** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019 | 193,502 | 9,052 | 760 | 3,933 | 207,247 |

Nótaí

a Foráiltear le halt 26 den Acht um Sheirbhís Chúirteanna, 1998, go sealbhóidh an tSeirbhís Chúirteanna teideal dlí maidir le talamh agus foirgnimh áirithe.

b Ag deireadh 2020, bhí 46 foirgneamh agus cúig shuíomh faoi úinéireacht na Seirbhíse Cúirteanna. Díobh seo, rinneadh athluacháil ar 38 foirgneamh agus ceithre shuíomh. Ní dhearnadh aon luachálacha in 2020 mar gheall ar shrianta Covid-19. Táthar ag súil go ndéanfar na luachálacha i 2021, ach beidh sé seo ag brath ar shrianta Covid-19 a ardú agus ar infhaighteacht fhoireann na hOifige Luachála. Tá na tithe cúirte a choinnítear ar luach / costais ainmniúla suite i nDroichead Átha, Leitir Ceanainn, an Muileann gCearr, baile Loch Garman, Sráid Anglesea i gcathair Chorcaí, Sráid Mulgrave i gCathair Luimnigh, agus i gCathair Phort Láirge.

c Baineann an t-aistriú sócmhainní go gníomhaireachtaí eile le Tithe Cúirte Bhiorra agus Chathair na Mart, a aistríodh go dtí an t-údarás áitiúil ábhartha.

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta | 3,801 | (1,324) |
| Cuntais bhainc thráchtála eile [a] | 2,064 | 1,387 |
| | **5,865** | **63** |

Nóta [a] Is ionann é seo agus na hiarmhéideanna a bhí i seilbh na Seirbhíse Cúirteanna ag an 31 Nollaig gach bliain i gcuntais bhainc a bhaineann leis an Státchiste. Níl iarmhéid an chuntais de €9.468 milliún (€8.717 milliún in 2019) san áireamh leis sin, atá comhdhéanta go príomha d'fháltais neamh-Státchiste a bhaineann le lóisteálacha cothabhála faoin dlí teaghlaigh, lóisteálacha airgid bannaí agus fáltais an bhosca déirce cúirte.

## 2.3 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | 143 | 131 |
| Tomhaltáin | 46 | 16 |
| Nithe ilghnéitheacha | 37 | 31 |
| | **226** | **178** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Réamhíocaíochtaí le OOP | 3,357 | 2,820 |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | 168 | 168 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 454 | 410 |
| Óinchistí | 33 | 31 |
| | **4,012** | **3,429** |

## 2.5 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 1,100 | 811 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 68 | 30 |
| Cáin bhreisluacha | 646 | 245 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 507 | 419 |
| Táillí cúirte a bailíodh thar ceann Vótaí eile | — | (194) |
| Fíneálacha | 118 | 330 |
| Cistí atá le géilleadh don Státchiste [a] | 2,064 | 1,387 |
| | 4,503 | 3,028 |
| | | |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 318 | 312 |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 2 | 19 |
| | **4,823** | **3,359** |

Nóta [a] Is ionann an t-iarmhéid seo agus na hiarmhéideanna a bhaineann leis an Státchiste sna cuntais bhainc a bhíonn i seilbh na Seirbhíse Cúirteanna ag an 31 Nollaig gach bliain.

## 2.6 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le géilleadh | 2,356 | 792 |
| Géilleadh iarchurtha | 4,895 | — |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (2,197) | (659) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **5,054** | **133** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 5,865 | 63 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 4,012 | 3,429 |
| | 9,877 | 3,492 |
| | | |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (4,503) | (3,028) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (320) | (331) |
| | (4,823) | (3,359) |
| | | |
| | **5,054** | **133** |

## 2.7 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 209,868 | 214,501 |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 129,245 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (2,356) | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (4,895) | | |
| Glanvóta | | | 121,994 | 92,332 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 53,608 | 53,106 |
| Míreanna neamhairgid | | | | |
| Measchíos | 1 | | 3,605 | 3,605 |
| Athluachálacha | 2.1 | | — | (233) |
| Aistriú sócmhainní | 2.1 | | (244) | — |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (180,960) | (153,443) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **207,871** | **209,868** |

## 2.8 Ceangaltais

**a) Ceangaltais dhomhanda**

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | | |
| TFC | 15,107 | 1,699 |
| Léasanna | 11,818 | 13,607 |
| Iasacht athchóirithe [a] | 7,287 | 9,016 |
| CPP | 663,923 | 717,010 |
| **Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí** | **698,135** | **741,332** |

Nóta [a] Tógadh an iasacht chun athchóiriú Theach na Cúirte ar Shráid Washington,Corcaigh, a mhaoiniú. Tá an phríomhshuim (an ghné caipitil) den iasacht sin a bhí amuigh ag deireadh na bliana, arbh ionann agus €6.435 milliún (2019: €7.815 milliún) í, nochta faoi cheangaltais chaipitil ilbhliantúla. Is le hús a bhaineann an chuid eile den cheangaltas.

**b) Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla**

| **Tionscadal** | **Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019** | **Caiteachas i 2020** | **Ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin** | **Caiteachas ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail 2020** | **Caiteachas ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail 2019** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iasacht athchóirithe i leith Theach na Cúirte, Sráid Washington | 17,185 | 1,380 | 6,435 | 25,000 | 25,000 |

**c) Costas caipitil an tionscadail chomhpháirtíochta príobháidí poiblí**

| **Tionscadail** | **Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019** | **Caiteachas i 2020** | **Ceangaltais atá infhorfheidhmithe le dlí le comhlíonadh sna blianta ina dhiaidh sin** | **Iomlán an tionscadail 2020** | **Iomlán an tionscadail 2019** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Coimpléasc na gCúirteanna Coiriúla | 232,590 | 23,903 | 332,537 | 589,030 | 593,881 |
| Beart CPP [a] | 48,853 | 21,364 | 331,386 | 401,603 | 404,572 |
| **Iomlán** | **281,443** | **45,267** | **663,923** | **990,633** | **998,453** |

Nóta [a] An conradh le haghaidh beartán tionscadal CPP a sholáthraítear d'éilimh, go háirithe maidir le lochtanna folaigh i bhfoirgnimh stairiúla. I mBealtaine 2019 tháinig Seirbhís na gCúirteanna ar chomhaontú leis an soláthraí conartha €8.9 milliún (ex CBL) a íoc, ar bhonn céimnithe. Rinne an tSeirbhís Chúirteanna an íocaíocht dheiridh de €7.3 milliún 2020.

## 2.9 Dliteanais aibithe

Ní raibh dliteanais aibithe ar bith ann in 2020. (2019: €1,349).

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Cuirtear an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos ar áireamh i gClár A chun costálacha iomlána cláir a chur i láthair.

| | | | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | | |
| | *Bunaidh* | 58,078 | | | | |
| | *Forlíontach* | (1,047) | | | | |
| | | | 57,031 | | 57,556 | 54,543 |
| ii | Taisteal agus cothú | | 3,013 | | 2,291 | 3,388 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | 7,491 | | 8,290 | 8,261 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 2,003 | | 2,933 | 3,030 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | | | | | |
| | *Bunaidh* | 13,520 | | | | |
| | *Forlíontach* | 1,847 | | | | |
| | | | 15,367 | | 15,887 | 12,040 |
| vi | Costais áitribh oifige | | 19,076 | | 16,623 | 14,990 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe luach ar airgead | | 100 | | 217 | 522 |
| | | | **104,081** | | **103,797** | **96,774** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach anseo thíos na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000) i gcaiteachas riaracháin an vóta.

**iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

*Soláthar meastacháin €2.003 milliún; toradh €2.933 milliún*

Tháinig an róchaiteachas €930,000 maidir le seirbhísí poist agus teileachumarsáide as na nithe seo a leanas:

- an mhoill leanúnach ar líonra teileafóin na Seirbhíse Cúirteanna a aistriú ó líonra achair fhairsing (WAN) ina líonra néalríomhaireachta rialtais, rud a rabhthas ag súil go ndéanfaí coigiltis leis, agus
- postas breise mar gheall ar phaindéim Covid-19 agus giúróirí agus cleachtóirí dlí á gcur ar an eolas faoi athsceidealú/cealú dátaí cúirte agus comhaid á n-aistriú ar ais go cleachtóirí dlí d'fhonn líon na ndaoine a bhí ag teacht trí oifigí cúirte a laghdú.

**vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe**

*Soláthar meastacháin €100,000; toradh €217,000*

Tháinig an róchaiteachas €117,000 maidir le seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead as caiteachas a bhain le Clár Nuachóirithe na Seirbhíse Cúirteanna nach raibh curtha san áireamh leis an meastachán bunaidh.

## Clár A Na Cúirteanna a Bhainistiú agus Tacú leis na Breithiúna

| | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán – pá | | | | |
| | *Bunaidh* | 58,078 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,047) | | | |
| | | | 57,031 | 57,556 | 54,543 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | | | |
| | *Bunaidh* | 45,203 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,847 | | | |
| | | | 47,050 | 46,241 | 42,231 |
| A.3 | Teach Cúirte (oibreacha caipitil) | | | | |
| | *Bunaidh* | 15,380 | | | |
| | *Forlíontach* | 4,000 | | | |
| | | | 19,380 | 5,564 | 4,876 |
| A.4 | Costais CPP | | 37,717 | 45,267 | 37,766 |
| | | | **161,178** | **154,628** | **139,416** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach anseo thíos na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha (+/- 5% agus €100,000) i gcaiteachas cláir. Tríd is tríd, bhí an caiteachas maidir le Clár A €1.75 milliún níos lú ná mar a sa mheastachán bunaidh.

**A.3 Teach Cúirte (oibreacha caipitil)**

*Soláthar meastacháin €15.38 milliún; toradh €5.564 milliún*

Tá an gannchaiteachas ar oibreacha caipitil tí cúirte de €9.816 milliún mar gheall ar an moill ar roinnt tionscadal tógála caipitil a chríochnú, sa bhreis ar an moill ar cheannach molta láithreán i nGaillimh, ar an Nás agus i dTrá Lí.

**A.4 Costais CPP**

*Soláthar meastacháin €37.717 milliún; toradh €45.267 milliún*

Den chuid is mó tá an róchaiteachas ar chostais CPP de €7.55 milliún dlite ar íocaíocht € 7.33 milliún mar shocrú iomlán ar oibleagáidí comhaontaithe le teagmhálaithe CPP i leith lochtanna folaigh in éilimh ar fhoirgnimh stairiúla (Féach Nóta 2.8c).

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Measta | | Réadaithe | Réadaithe |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Táillí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 41,693 | | | |
| | | *Forlíontach* | (18,200) | | | |
| | | | | 23,493 | 24,612 | 43,972 |
| 2 | Nithe ilghnéitheacha | | | 1,442 | 1,024 | 1,448 |
| 3 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | | | 1,498 | 1,498 | 1,664 |
| 4 | Cistí Cúirte Dímhaoine | | | 5,500 | 5,500 | — |
| | **Iomlán** | | | **31,933** | **32,634** | **47,084** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach anseo thíos na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha (+/- 5% agus €100,000) i bhfáltais. Tríd is tríd, bhí leithreasaí-i-gcabhair €17.499 milliún (35%) níos lú ná an meastachán bunaidh.

**1 Táillí**

*Meastachán €41.693 milliún; toradh €24.612 milliún*

Bhí an t-ioncam ó tháillí in 2020 €17.081 milliún níos lú ná an meastachán bunaidh mar gheall ar thabhairt isteach srianta mar thoradh ar phaindéim Covid-19. Mar thoradh air sin, bhí laghdú ann ar iarratais cheadúnaithe agus shibhialta araon, agus an t-easnamh ina thoradh air sin.

**2 Nithe ilghnéitheacha**

*Meastachán €1.442 milliún; toradh €1.024 milliún*

Bhí an t-ioncam ó nithe ilghnéitheacha in 2020 €418,000 (29%) níos lú ná an meastachán bunaidh mar gheall ar laghdú ar fháltais ó Oifig an Ard-Aturnae.

## 4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | — | — |
| Fíneálacha faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre [a] | 3,588 | 5,427 |
| Fíneálacha eile [a] | 1,932 | 2,831 |
| Aisíocaíochtaí [b] | (20) | (84) |
| Fáltais eile [c] | 108 | 170 |
| Suim a aistríodh chuig an Státchiste | (5,608) | (8,344) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | — | — |

Nótaí

[a] Tá an laghdú ar fháltais ó Fhíneálacha faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre agus ó fhíneálacha eile ina thoradh go príomha ar laghdú ar líon na bhfíneálacha a gearradh/na n-íocaíochtaí a rinneadh in 2020 mar gheall ar Covid-19

[b] Bhí laghdú ann ar aisíocaíochtaí fíneálacha in 2020 i gcomparáid le 2019 mar gheall ar na nithe seo a leanas: (i) laghdú ar líon na n-aisíocaíochtaí um fhógraí muirir sheasta in 2020, agus (ii) laghdú ar líon na n-achomharc arna n-éisteacht agus na dtorthaí arna n-iompú in 2020 (nuair a íocadh fíneálacha) mar gheall ar Covid-19.

[c] Bíonn cistí i seilbh Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais ó Chuntas Leachtaithe na gCuideachtaí ar feadh seacht mbliana sula mbíonn siad le híoc leis an Roinn Airgeadais. Baineann fáltais 2020 le cistí a lóisteáladh in 2013. Is é iarmhéid na gcistí sin amhail an 31 Nollaig 2020 ná €4.321 milliún.

## 4.3 Fíneálacha agus táillí a bailíodh thar ceann Ranna eile

Rinneadh íocaíochtaí díreacha leis na ranna /gníomhaireachtaí rialtais seo a leanas maidir le fíneálacha agus táillí a bhailigh an tSeirbhís Chúirteanna thar a gceann in 2020.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | — | — |
| Na Coimisinéirí Ioncaim | | |
| Fíneálacha ioncaim [a] | 485 | 826 |
| Dleacht mháil [b] | 1,200 | 3,356 |
| An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil | 23 | 27 |
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara [c] | 40 | 268 |
| An t-iomlán a aistríodh | (1,748) | (4,477) |
| Iarmhéid ag an 31 Nollaig | **—** | **—** |

Nótaí [a] Baineann an t-airgead a bailíodh le fíneálacha cúirte a gearradh i gcás gurb iad na Coimisinéirí Ioncaim an t-ionchúisitheoir.

[b] Baineann an t-airgead a bailíodh le táillí ar iarratais áirithe ar cheadúnú ar nós uaireanta oscailte a shíneadh agus orduithe díolúine speisialta a fhaigheann an tSeirbhís Chúirteanna thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim. Bhí laghdú €2.156m ann ar dhleacht mháil in 2020 i gcomparáid le 2019 mar gheall ar shrianta rialtais a tugadh isteach mar thoradh ar Covid-19 chun na tithe tábhairne uile a dhúnadh ó mhí an Mhárta 2020. Mar thoradh air sin, bhí laghdú suntasach ann ar iarratais ar cheadúnú, lena n-áirítear dleacht mháil.

[c] Bhí laghdú mór ann ar fhíneálacha don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara in 2020 i gcomparáid le 2019. Ba thoradh é sin ar líon fíneálacha ardluacha na Cúirte Cuarda a fuarthas in 2019.

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | **1,106** | **1,080** |

## 5.2 Pá

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 52,252 | 49,527 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 269 | 161 |
| Liúntais eile | 815 | 920 |
| Ragobair | 212 | 332 |
| ÁSPC an Fhostóra | 4,008 | 3,603 |
| **Pá iomlán** | **57,556** | **54,543** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is mó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2020 | 2019 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 88 | 5 | 17,605 | 12,554 |
| Liúntais eile | 199 | 12 | 20,873 | 16,896 |
| Ragobair | 104 | 5 | 17,809 | 23,680 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 44 | 4 | 22,097 | 25,534 |

## 5.4 Socruithe eile luach saothair

Íocadh suim iomlán €13,574 in 2020 le beirt státseirbhíseach ar scor a bhí ag fáil pinsin státseirbhís agus a fostaíodh ar feadh tréimhsí gairide le linn 2020. Tá an tsuim sin comhdhéanta de €13,425 i bpárolla agus de €149 i gcaiteachas taistil agus cothaithe. Cuireadh an riail laghdaithe pinsin i bhfeidhm i gcomhréir le halt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Aisghabhadh costais tuarastail €67,409 ó bhinsí agus ó ranna rialtais maidir le foireann ar iasacht. Tá aisghabháil €168,000 gan íoc do 2020.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí tuarastail

| | Líon faighteoirí | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 80 | 168,637 | 120,527 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 31 | 52,869 | 28,353 |

D'aistrigh cúigear aonair a bhfuil pleananna aisghabhála dar luach €2,728 i bhfeidhm ina leith go Ranna eile sa bhliain.

## Nóta 6 Nithe ilghnéitheacha

### 6.1 Costais chúitimh agus dlí

| | | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon na gcásanna | Cúiteamh a dámhadh | Costais dlí a dámhadh agus a íocadh | Costais dlí a d'íoc an tSeirbhís Chúirteanna | Iomlán | Iomlán |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Éilimh ó dhaoine den phobal | 41 | 7 | 229 | 272 | 507 | 1,122 |

Nóta B'ionann na híocaíochtaí iomlána maidir le costais dlí tríú páirtí agus costais chúitimh agus €235,536. Áirítear leo sin íocaíochtaí maidir le himeachtaí dar luach €145,202 arna bplé ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus le himeachtaí ina raibh an tSeirbhís Chúirteanna ina páirtí, lenar áiríodh imeachtaí trí bhíthin athbhreithniú breithiúnach

### 6.2 Costais eadrána agus idir-réitigh

Ní raibh aon chaiteachas ann in 2020 maidir le costais eadrána agus idir-réitigh. Ní raibh cásanna ar bith ann in 2019.

### 6.3 Díscríobh agus soláthairtí

Le linn 2020, díscríobhadh €4,838 le Vóta 22 maidir le hearráidí riaracháin (2019: €1,619).